ROGHNÚ FOIRNE SEALADAÍ
LE hAGHAIDH ARD-STIÚRTHÓIREACHT GNÓTHAÍ MUIRÍ AGUS IASCAIREACHTA AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

Tá próiseas roghnúcháin á eagrú ag an gCoimisiún chun liosta inniúlachta a thiomsú ar a mbeidh:

- 12 iarrthóir a n-éireoidh leo, d'fhonn riarthóirí a cheapadh ar leibhéal AD 8 in Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus Iascaireachta (AS MARE) i réimse na heolaíochta agus an bhainistithe iascaigh;
- 20 iarrthóir a n-éireoidh leo, d'fhonn riarthóirí a cheapadh ar leibhéal AD 8 in Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus Iascaireachta (AS MARE) i réimse an rialaithe agus na cigireachta iascaigh;

1. DUALGAIS

Tá iarrthóirí ag teastáil don dá phróifíl seo:

1. Eolaithe agus bainisteoirí sa réimse iascaigh;
2. Saineolaithe agus cigirí i réimse an rialaithe iascaigh.

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, glacfaidh siad páirt in obair AS MARE sa dá réimse seo a leanas:

- saothrú acmhainní iascaigh ar dhóigh inbhuanaithe, lena n-áirítear obair a dhéanamh ar an bpróiseas comhairleach eolaíoch agus obair thaighde iascaigh;
- beartas rialaithe iascaigh – cur chun feidhme agus forbairt.

Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na cúraimí atá ar an liosta thíos a bheith ar na fheidhmeanna agus ar dhualgais an dá réimse sin. Glactar leis gur féidir forluí a bheith ann idir na feidhmeanna agus na dualgais na bpróifílí:

1. Eolaithe agus bainisteoirí sa réimse iascaigh

- **an próiseas comhairleach eolaíoch**: a) comhordú na hoibre eolaíche a dhéanann na heolaithe seachtracha; b) anailísiú agus athbhreithniú ar shonraí iascaigh agus ar chomhairle eolaíoch a thacaíonn le bainistiú iascaigh; c) páirt a ghlacadh i scaipeadh eolais eolaíoch go hinmheánach agus go seachtrach; d) coistí eolaíochta de chuid eagraíochtaí bainistithe iascaigh (réigiúnacha) a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu; e) tionscnain (cuir i gcás cuidiú chun na cuspóirí agus an struchtúr a leagan síos – téarmaí tagartha – i nglaonna ar thairiscintí le haghaidh staidéar agus tionscadail eolaíocha), agus comhordú staidéar de réir comhairle eolaíoch; f) riachtanais nua i dtaobh comhairle eolaíoch a shainaithint; g) an caidreamh idir foireann AS MARE agus na comhlachtaí comhairleacha eolaíocha a éascú; h) a bheith bord ar bhord le forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht iascaigh chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh i mbeartais agus i mbainistiú iascaigh iad.

- **clár oibre taighde (Fís na hEorpa 2021-2027[1])**: a) riachtanais taighde a shainaithint sa réimse iascaigh agus i réimse acmhainní bitheolaíocha na mara; b) páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gclár oibre; c) anailísiú a dhéanamh ar thorthaí tionscadal taighde agus cuidiú a thabhairt torthaí taighde a scaipeadh ar an bpobal eolaíoch agus ar an bpobal bainistíochta;
- **feidhmeanna agus dualgais ghinearálta**: a)caidreamh éifeachtach a chothú idir AS MARE agus comhlachtaí eolaíochta eile (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), coistí eolaíochta na n-eagraíochtaí bainistithe iascaigh réigiúnacha, etc.) agus institiúidí eile agus institiúidí eolaíochta de chuid na mBallstát, mar aon le hArd-Stiúrthóireachtaí eile, agus ionadaíocht a dhéanamh do AS MARE i gcruinnithe; b) doiciméid bheartais nó dlí, nó tionscadail a bhaineann leis an ngné eolaíoch den obair a ullmhú agus ábhar a sholáthar do na nithe sin; c) torthaí eolaíocha agus taighde a chur i láthair agus a scaipeadh ar phiaraí agus ar chomhghleacaithe (speisialtóirí agus daoine nach speisialtóirí iad)

2. Saineolaithe agus cigirí i réimse an rialaithe iascaigh.

2.1 Iniúchtaí, fíoruithe agus cigireachtaí

- Iniúchtaí, fíoruithe agus cigireachtaí a phleanáil, a ullmhú agus a threorú de bhun na bhforálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[2]
- Meastóireacht agus anailís a dhéanamh ar na sonraí atá sna bunachair shonraí nó a fhaightear le linn iniúchtaí, fíoruithe agus cigireachtaí
- Tuarascálacha a dhréachtú agus torthaí na n-iniúchtaí, na bhfíoraithe agus na gcigireachtaí a chur in iúl
- Doiciméid leantacha a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh nó ar neamhchomhlíonadh, agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta ceartaitheacha a chuireann na Ballstáit chun feidhme
- Féachaint chuige go gcoimeádtar eolas teicniúil agus reachtach agus saineolas maidir le rialú iascaigh

2.2 Forbairt beartas i dtaca le rialú iascaigh, monatóireacht agus faireachas

- Beartais agus reachtaíocht nua a fhorbairt, agus an reachtaíocht atá ann cheana i réimsí an rialaithe iascaigh a bhainistiú
- Caibidlíocht dhéthaobhach agus iltaobhach a ullmhú agus páirt a ghlacadh inti, lena n-áirítear anailís agus meastóireacht ar thograí i réimse na monatóireachta, an rialaithe agus an fhaireachais iascaigh
- Ionadaíocht a dhéanamh don Aontas Eorpach i bhfóraim idirnáisiúnta i ndáil le cúrsaí a bhaineann le monatóireacht, rialú agus faireachas iascaigh
- Tacaíocht theicniúil le haghaidh gnóthaí rialaithe iascaigh a chur ar fáil d'aonaid chaomhantais agus idirnáisiúnta in AS MARE

2.3 Feidhmeanna agus dualgais ghinearálta

- Gníomhaíochtaí na hArd-Stiúrthóireachta sa réimse beartais i gceist, go háirithe gníomhaíochtaí an aonaid i gceist, a mhíniú do na Ballstáit, do thríú páirtithe agus don

[1] https://ec.europa.eu/commission/publications/research-and-innovation-including-horizon-europe-iter-and-euratom-legal-texts-and-factsheets_ga

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32009R1224&qid=1533205056628&from=EN

phobal i gcoitinne trí chuir i láthair a thabhairt ag comhdhálacha, seimineáir, ceardlanna, etc.
- Seisiúin eolais, óráidí agus nótaí cainte ar shaincheisteanna rialaithe iascaigh a dhréachtú

N.B. Is féidir go mbeidh ort, mar chuid de dhualgais an phoist, taisteal go minic go Ballstáit agus go tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach.

2. CINEÁL AGUS FAD AN CHONARTHA

D'fhéadfadh sé go dtairgfí don iarrthóir/do na hiarrthóirí a n-éireoidh leis/leo conradh sealadach faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[3] i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid[4].

Ní fhéadfaidh fad an conartha a bheith níos mó ná ceithre bliana, agus féadfar dhá bhliain ar a mhéad a chur leis.

Agus fad iomlán an chonartha á chinneadh, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha an Chinnidh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (seacht mbliana in achar dhá bhliain déag)[5].

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA	An Bhruiséil
LEIBHÉAL	AD 8 (mar threoir gharbh, is é EUR 6818,11 an buntuarastal tosaigh míosúil)[6]

3. INCHÁILITHEACHT AGUS ROGHNÚ

3.1. Coinníollacha ginearálta

Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, iad seo ina measc:

- iad a bheith ina saoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- aon oibleagáid i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh;

[3] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20180101&from-FR

[4] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf

[5] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-maximum-duration-non-permanent-staff-c-2013-9028-en.pdf

[6] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-classification-appointment-engagement-c-2013-8970-en.pdf

- na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

3.2. Eolas ar theangacha

Leagtar síos in Airteagal 12.2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach bhféadfar oifigeach a cheapadh mura gcuire sé fianaise ar fáil go bhfuil eolas cuimsitheach aige ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus eolas sásúil ar theanga eile de na teangacha sin.

Ní mór eolas a bheith agat, dá bhrí sin, ar ***2 cheann ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh***, leibhéal C1 (eolas cuimsitheach) ar a laghad i gceann acu agus leibhéal B2 (eolas sásúil) ar a laghad sa cheann eile de na teangacha sin.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil thuasluaite a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach i g*Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* (*https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*).

San fhógra comórtais seo is mar seo a thagraítear do na teangacha:

- **Teanga 1**: an teanga ina scríobhfar an litir inspreagtha. Is féidir an teanga seo a úsáid chun an fhoirm iarratais a líonadh isteach freisin agus is féidir an teanga sin a bheith ar aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.
- **Teanga 2**: an teanga ina ndéanfar an t-agallamh, an triail scríofa agus an teanga chumarsáide idir rúnaíocht an choiste roghnúcháin agus na hiarrthóirí a bhfuil iarratas bailí déanta acu. Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar Theanga 2.

Caithfidh Teanga 2 a bheith neamhionann le Teanga 1.

Tá tuilleadh eolais i dTeideal 4 faoi úsáid theangacha sa phróiseas roghnúcháin seo.

3.3. Critéir a bhaineann go sonrach leis an bpróiseas roghnúcháin

3.3 1. Dioplómaí

Faoin **sprioc-am le hiarratais a dhéanamh**, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag an iarrthóir:

<u>Eolaithe agus bainisteoirí sa réimse iascaigh/Saineolaithe agus cigirí i réimse an rialaithe iascaigh</u>

- oideachas is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i réimse ábhartha, e.g. bitheolaíocht, eolaíocht iascaigh, bainistiú iascaigh, eolaíocht mhuirí,

eolaíocht chomhshaoil, aigéaneolaíocht, innealtóireacht, tíreolaíocht, geolaíocht, staidreamh, matamaitic, dlí, eacnamaíocht, iniúchadh córais agus/nó iniúchadh cáilíochta (níl taithí ar iniúchadh airgeadais ábhartha), rialú iascaigh, bainistiú iascaigh, anailísiú sonraí, agus réimsí eile nach iad, **nuair is 4 bliana nó níos mó an fad is gnách a bheith i gcúrsa ollscoile**

nó

– oideachas is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i réimse ábhartha, e.g. bitheolaíocht, eolaíocht iascaigh, bainistiú iascaigh, eolaíocht mhuirí, eolaíocht chomhshaoil, aigéaneolaíocht, innealtóireacht, tíreolaíocht, geolaíocht, staidreamh, matamaitic, dlí, eacnamaíocht, iniúchadh córais agus/nó iniúchadh cáilíochta (níl taithí ar iniúchadh airgeadais ábhartha), rialú iascaigh, bainistiú iascaigh, anailísiú sonraí, agus réimsí eile nach iad, **maille le taithí ghairmiúil chuí aon bhliain amháin ar a laghad nuair is 3 bliana ar a laghad an fad is gnách a bheith i gcúrsa ollscoile Measfar gur cuid den dioplóma an taithí oibre sin agus ní áireofar í ar na blianta taithí oibre a iarrtar.**

Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

3.3 2. Taithí

Eolaithe agus bainisteoirí sa réimse iascaigh

Faoin sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, agus chomh maith leis na cáilíochtaí thuasluaite a iarrtar, ní mór taithí oibre lánaimseartha **9 mbliana ar a laghad** a bheith ag na hiarrthóirí, taithí a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma is gá le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin a bhaint amach. Caithfidh **5 bliana ar a laghad** de na blianta taithí sin a bheith curtha isteach i réimse a bhaineann leis na dualgais a bhfuil tuairisc orthu faoin gceannteideal ábhartha[5].

Saineolaithe agus cigirí i réimse an rialaithe iascaigh

Faoin sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, agus chomh maith leis na cáilíochtaí thuasluaite a iarrtar, ní mór taithí oibre lánaimseartha **9 mbliana ar a laghad** a bheith ag na hiarrthóirí, taithí a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma is gá le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin a bhaint amach. Caithfidh **5 bliana ar a laghad** de na blianta taithí sin a bheith curtha isteach i réimse a bhaineann leis na dualgais a bhfuil tuairisc orthu faoin gceannteideal ábhartha.

I gcás an dá phróifíl, glacfar le **taithí oibre** a fuarthas in eagraíochtaí agus/nó i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, in institiúidí agus/nó gníomhaireachtaí AE, in údaráis náisiúnta agus/nó réigiúnacha, sa saol acadúil, in institiúidí taighde, in earnáil na tionsclaíochta, in eagraíochtaí neamhrialtasacha nó le linn féinfhostaíochta agus ní chuirfear san áireamh í ach amháin más rud é:

- gur fíorobair éifeachtach a bhí inti,
- gur obair ar íocaíocht a bhí inti,
- go raibh caidreamh íochtaránachta nó soláthar seirbhíse i gceist léi, agus
- go raibh sí faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
    - **obair dheonach:** más obair ar íocaíocht a bhí inti agus go raibh na huaireanta oibre sa tseachtain agus an fad a mhair an post ar nós uaireanta oibre agus fad gnáthphoist,
    - **tréimhsí oiliúna:** más tréimhsí oiliúna ar íocaíocht a bhí iontu,
    - **seirbhís mhíleata éigeantach:** is cuma cé acu sular baineadh an dioplóma amach nó ina dhiaidh a rinneadh an tseirbhís mhíleata, agus ní chuirfear san áireamh tréimhse seirbhíse níos faide ná an tréimhse atá leagtha síos i ndlí an Bhallstáit i gceist,
    - **saoire mháithreachais/atharthachta/altramais:** má bhí an tsaoire leagtha síos sa chonradh fostaíochta,

[5]Obair eolaíochtbhunaithe i réimse ábhartha, e.g. caomhnú agus bainistiú iascaigh, bitheolaíocht mhuirí, muirthimpeallacht, eolaíochtaí comhshaoil, aigéaneolaíocht, bainistiú comhshaoil, samhaltú, matamaitic agus/nó staidreamh i réimse ábhartha agus an teicneolaíocht iascaigh.

- **dochtúireacht:** 3 bliana ar a mhéad a chuirfear san áireamh, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht, agus is cuma cé acu obair ar íocaíocht nó obair gan íocaíocht a bhí sa dochtúireacht, agus
- **obair pháirtaimseartha:** is ar bhonn *pro rata* a ríomhfar obair pháirtaimseartha, ar bhonn an lín uaireanta an chloig a oibríodh, e.g. mheasfaí gur 3 mhí oibre ab ea obair leathama a mhair 6 mhí.

4. GNÉITHE TEANGA AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN SEO

Iarrtar ar na hiarrthóirí a shonrú san fhoirm iarratais cé na teangacha is mian leo a roghnú mar Theanga 1 agus mar Theanga 2. Féach nach gá do mháthairtheanga a roghnú mar Theanga 1 ná mar Theanga 2, ar choinníoll go gcomhlíonann tú na riachtanais eolais atá leagtha amach sa dara mír de Theideal 3.2.

Is féidir an fhoirm iarratais a líonadh isteach in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire go mbeidh an coiste roghnúcháin (le linn an phróisis roghnúcháin) agus seirbhísí acmhainní daonna institiúidí an Choimisiúin Eorpaigh (i gcás earcú iarrthóirí ar éirigh leo) ag rochtain na foirme iarratais ina hiomláine, agus gur líon teoranta teangacha na teangacha cumarsáide atá acu sin.
Má éiríonn an próiséas roghnúcháin leat agus má chuirtear ar an liosta inniúlachta thú, iarrfar ort aistriúchán ar an bhfoirm iarratais go teanga 2 (Béarla nó Fraincis) a sholáthar do na seirbhísí earcaíochta má líon tú isteach an fhoirm iarratais i dteanga nach ceann de na teangacha sin í.

Is gá an litir inspreagtha a bheith i dTeanga 1.

Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar Theanga 2.

Ar mhaithe leis an tseirbhís, aon iarrthóir a n-éireoidh leis, ní féidir é a earcú sna réimsí a mbaineann an próiseas roghnúcháin seo leo gan eolas sásúil (is é sin leibhéal B2 ar a laghad) a bheith aige ar an mBéarla nó ar an bhFraincis. Siúd is go bhféadfadh eolas ar theangacha eile a bheith ina bhuntáiste, go háirithe a fhad a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar thuarascálacha Ballstáit, is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo bunús a gcuid oibre (cumarsáid inmheánach, cumarsáid le geallsealbhóirí seachtracha, dréachtú foilseachán agus tuarascálacha). Is iad an Béarla agus an Fhraincis na teangacha oibre is mó a úsáid in AS MARE. Tá an Béarla ina *lingua franca* i bpobal na heolaíochta agus i bhfoilseacháin eolaíochta freisin. Dá bhrí sin, a fhad a bhaineann le cuid oibre AS MARE, is den ríthábhacht eolas sásúil ar cheann de na teangacha sin. Is ar mhaithe leis an tseirbhís a cinneadh air sin agus, dá bhrí sin, dá n-éireodh le hiarrthóir nach gcomhlíonann an ceanglas sin, ní bheadh sé ábalta dul i mbun oibre láithreach.

Béarla an teanga is minice a úsáidtear i gcruinnithe le geallsealbhóirí seachtracha agus sa chumarsáid a dhéantar leis na geallsealbhóirí sin, teagmháil leis na Ballstáit san áireamh (e.g. obair a dhéantar le linn cuairteanna ar na Ballstáit chun féachaint i ndiaidh gnóthaí dearbhaithe cáilíochta agus comhlíontachta, agus ullmhú tuarascálacha misin mionsonraithe). Ina theannta sin, is é an Béarla an teanga is mó a úsáidtear i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Is gá eolas ar an bhFraincis chun críocha na cumarsáide inmheánaí, mar is í an Fhraincis, mar aon leis an mBéarla an dara teanga is mó úsáid in AS MARE agus sa Choimisiún i gcoitinne.

5. EAGAR AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN

5.1. Réamhroghnú

Déanfaidh an coiste roghnúcháin, arna chomhdhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(c) den Chinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid, agus, más gá, scrúdaitheoir amháin nó níos mó de chúnamh aige mar

chomhairleoir, déanfaidh sé réamhroghnú ar bhonn na gcáilíochtaí agus na taithí oibre (féach 3.3.1, 3.3.2) agus ar bhonn eolas na n-iarrthóirí ar theangacha (féach 3.2).

Chuige sin, tabharfaidh an coiste roghnúcháin do gach critéir an t-ualú seo a leanas, lena ndéanfar na hiarrthóirí a mheas:

Cáilíochtaí	20 %
Taithí	75 %
Teangacha	5 %

5.2. Roghnú

Iarrthóirí a n-éireoidh céim an réamhroghnaithe leo, iarrfar orthu:

- **dul faoi agallamh, i dTeanga 2**, d'fhonn measúnú oibiachtúil neamhchlaonta a dhéanamh ar a gcuid cáilíochtaí, ar a gcuid taithí oibre i gceann de réimsí an chomórtais, agus ar a gcuid eolais ar theangacha, i gcomhréir lena bhfuil leagtha amach san fhógra roghnúcháin seo;
- **triail scríofa a dhéanamh i dTeanga 2** d'fhonn measúnú a dhéanamh ar scileanna teicniúla na n-iarrthóirí. Roghnóidh na hiarrthóirí ceann amháin den dá ábhar a bhaineann leis na próifílí a bhfuil cur síos orthu i dTeideal 1. Ar ríomhaire a scríobhfar an aiste ghairid sin agus beidh uair an chloig ar a mhéad ann chun é a dhéanamh (níl aon srian ar fhad na haiste ná ar an líon focal).

5.3. Liosta inniúlachta na n-iarrthóirí ar éirigh leo

Beidh an liosta inniúlachta d'iarrthóirí ar éirigh leo bailí go ceann dhá bhliain ón dáta a thiomsóidh an coiste roghnúcháin é. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an liosta.

6. IARRATAIS

Ní mór do na hiarrthóirí **na doiciméid seo a leanas a thabhairt sa chomhad iarratais**:

- an fhoirm iarratais agus í **líonta isteach** i gceart;

- an litir inspreagtha, **i dTeanga 1**;

- cóip de dhoiciméad oifigiúil a chruthaíonn saoránacht an iarrthóra (cárta aitheantais nó pas), **sa bhunteanga**;

- cóip den dioplóma/de na dioplómaí nó den teastas/de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a theastaíonn, **sa bhunteanga**;

- teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí oibre. Sna doiciméid sin ní mór dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí oibre atá an t-iarrthóir ag

iarraidh a chur san áireamh don phróiseas roghnúcháin seo, ní mór sin a bheith luaite go soiléir. Chuige sin, is é rud is fearr, na hiarrthóirí teastais fostaíochta óna n-iarfhostóirí agus óna bhfostóir reatha a chur ar fáil. Ina éagmais sin, glacfar le cóipeanna de chineálacha eile doiciméid, e.g.: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach, **sa bhunteanga**.

Ní ghlacfar an t-iarratas go críochnaitheach go dtí go gcuirfear ar fáil na doiciméid tacaíochta a iarrtar. **Mura bhfaighfear na doiciméid sin faoin sprioc-am a shonraítear, measfar an t-iarratas a bheith ar neamhní.**

Má tá aon amhras ar na hiarrthóirí faoi chineál nó faoi bhailíocht na ndoiciméad atá le cur ar fáil, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le rúnaí an bhoird roghnúcháin deich lá oibre ar a laghad roimh an spriocam, tríd an mbosca ríomhphoist feidhmiúil ag an seoladh ríomhphoist seo:

HR-AMC2-MARE-TA-SELECTION@ec.europa.eu

Is é is cuspóir dó sin iarratas iomlán inghlactha a bheith curtha isteach faoin sprioc-am.

Iarrthóirí ar éirigh leo agus a bhfuiltear chun post a thairiscint dóibh, iarrfar orthu, ag céim is faide anonn sa phróiseas, bunchóipeanna na ndoiciméad uile a theastaíonn a chur ar fáil chun gur féidir iad a earcú.

Ní mór na hiarratais, agus iad líonta isteach go hiomlán, mar aon le litir inspreagtha agus na doiciméid ar fad is gá a sheoladh chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil:

HR-AMC2-MARE-TA-SELECTION@ec.europa.eu

Ba cheart d'iarrthóirí an bosca ríomhphoist feidhmiúil sin a úsáid i gcónaí le haghaidh gach comhfhreagrais leis an gcoiste roghnúcháin agus le haghaidh gach iarratais ar fhaisnéis.

Is é seo an dáta deiridh is féidir iarratais a dhéanamh:
12 Nollaig 2018

7. EOLAS BREISE

Tá an fógra próisis roghnúcháin seo foilsithe in 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar shuíomh gréasáin AS MARE agus ar shuíomh gréasáin EPSO.

Is trí ríomhphost amháin a dhéanfar gach cumarsáid dhíreach idir na hiarrthóirí agus seirbhísí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, ionas go bhféadfaidh seirbhísí an Choimisiúin dul i dteagmháil leis na hiarrthóirí, ní mór do gach iarrthóir seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt is féidir a úsáid ó thús deireadh an phróisis roghnúcháin.

De bhrí go bhfuil sé riachtanach eolas ar an bhFraincis nó ar an mBéarla a bheith ag na hiarrthóirí, dealraíonn sé réasúnta agus comhréireach, d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir inniúlachtaí na n-iarrthóirí agus acmhainní an chórais riaracháin, éileamh ar na hiarrthóirí

ceann den dá theanga sin a roghnú agus a úsáid agus iad ag déanamh cumarsáide le lucht riaracháin.

8. IARRAIDH AR ATHBHREITHNIÚ – NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁN A CHUR FAOI BHRÁID AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Ós rud é go mbíonn feidhm ag na Rialacháin Foirne ag gach céim den phróiseas roghnúcháin, ní foláir a thabhairt do d'aire go gcumhdaítear imeachtaí uile an choiste roghnúcháin faoin gclásal rúndachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III de na Rialacháin Foirne. Má fheictear duit ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin go ndearna cinneadh ar leith dochar do do leas, is féidir leat duit i muinín na gníomhaíochta seo thíos:

❑ Iarraidh ar athbhreithniú

Is féidir **ríomhphost a chur chuig** an seoladh thíos laistigh de 10 lá féilire ón dáta a tugtar fógra faoin gcinneadh: HR-AMC2-MARE-TA-SELECTION@ec.europa.eu

Cuirfear d'iarraidh ar aghaidh chuig Cathaoirleach an choiste roghnúcháin, agus tabharfar freagra ort gan mhoill.

❑ Achomharc

Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh. Ba cheart **aon** chóip amháin den ghearán a sheoladh ar **aon** cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

- **le ríomhphost**, i bhfoirm PDF más féidir é, chuig bosca litreach feidhmiúil HR MAIL E2 (HR-MAIL-E2@ec.europa.eu), nó
- **leis an bpost**, chuig seoladh na hoifige
  An Coimisiún Eorpach
  Oifig SC11 4/001
  B-1049, an Bhruiséil nó
- **trína tabhairt isteach ag an oifig** SC11 4/001 (rue de la Science 11, oifig 4/001) ó 9.00 go 12.00 agus ó 14.00 go 17.00.

An teorainn ama trí mhí atá ann chun an cineál gníomhaíochta sin a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20160101&from=FR), cuirtear tús leis an tréimhse sin a luaithe agus a thugtar fógra duit faoin gcinneadh a líomhnaítear a bheith ag déanamh dochair do do leas.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás ceapacháin cinntí coiste roghnúcháin a leasú. Is é cinneadh seasta na Cúirte nach bhfuil an discréid leathan atá ag na coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, ach amháin más léir gur sáraíodh rialacha lena rialaítear imeachtaí coistí roghnúcháin.

- **Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh**

Dála shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
F - 67001 Strasbourg Cedex
https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home

Tabhair do d'aire nach mbeidh aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a dhéanamh.

Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú dhualgais an Ombudsman, **dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula gcuirfidh tú aon ghearán faoi bhráid an Ombudsman (maidir le conas sin a dhéanamh, féach** *https://www.ombudsman.europa.eu/en/atyourservice/secured/complaintform.faces*

9. EOLAS FAOIN DÓIGH A GCOSNAÍTEAR SONRAÍ PEARSANTA A THUGTAR LE LINN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN D'FHOIREANN SHEALADACH

Is i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 a dhéanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh iarrthóirí ar fáil faoin bpróiseas roghnúcháin seo a phróiseáil.
(http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:32001R0045:en:HTML).
Le hAirteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán ceanglaítear ar an Aonad um Roghnúchán, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse den Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Slándáil an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil do na hiarrthóirí.

Céannacht an rialtóra: Ceann Aonaid HR.DDG.B.1 "An tAonad um Roghnúchán, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse".

Cuspóirí na hoibríochta próiseála: cúnamh a thabhairt do na hArd-Stiúrthóireachtaí próiseas roghnúcháin a eagrú d'fhoireann shealadach chun liosta a thiomsú d'iarrthóirí ar éirigh leo agus is mó atá in oiriúint don phróifíl atá leagtha amach san fhógra roghnúcháin. Tugtar eolas do gach iarrthóir ar leith faoi chéimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

Faighteoirí na sonraí: Is é an coiste roghnúcháin a phróiseálann comhaid na n-iarrthóirí (ina bhfuil a sonraí aitheantais agus a sonraí incháilitheachta), an tuarascáil réasúnaithe agus liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo, ach ní stórálann sé na nithe sin. Is í an Ard-Stiúrthóireacht lena mbaineann a phróiseálann agus a stórálann comhaid na n-iarrthóirí (iarrthóirí nár éirigh leo san áireamh), an tuarascáil réasúnaithe agus liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo. Is iad seirbhísí na hArd-Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil a dhéanann comhaid na n-iarrthóirí ar éirigh leo, an tuarascáil réasúnaithe agus liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo a stóráil.

Ceart rochtana agus an ceart chun sonraí a cheartú: féadfaidh iarrthóirí ríomhphost a sheoladh agus cóip de dhoiciméad aitheantais ag dul leis chuig HR.DDG.B1 (HR-B1-SELECTIONS-RESERVE-LISTS@ec.europa.eu) chun aon athrú ar a shonraí pearsanta a chur in iúl. Más mian leo, is féidir leis na hiarrthóirí cóip de na sonraí pearsanta atá ar taifead ag HR.DDG.B1

a fháil ach ríomhphost a chur, agus cóip de dhoiciméad aitheantais ag dul leis, chuig an mbosca feidhmiúil thuasluaite. Is féidir torthaí comhiomlánaithe an phróisis roghnúcháin a chur ar fáil ach an t-iarrthóir sin a iarraidh.

Na sonraí lena mbaineann:

- Sonraí pearsanta (m.sh. sonraí lenar féidir iarrthóirí a shainaithint agus lenar féidir dul i dteagmháil leo): sloinne, céadainm, dáta breithe, inscne, náisiúntacht, seoladh baile, seoladh ríomhphoist, ainm agus uimhir ghutháin duine teagmhála le húsáid mura bhfuil teacht ar an iarrthóir.

- Eolas a chuireann na hiarrthóirí ar fáil mar chuid den phróiseas roghnúcháin chun gur féidir a mheas an gcomhlíonann siad an phróifíl atá á lorg san fhógra roghnúcháin (an fhoirm iarratais, curriculum vitae agus doiciméid tacaíochta, go háirithe dioplómaí agus taithí oibre). Ní féidir athruithe a dhéanamh ar shonraí maidir le critéir incháilitheachta i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh. Maidir leis an gceart chun ceartúcháin, ní féidir é a fheidhmiú i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh.

- Tugtar eolas ar leith do gach iarrthóir faoi chéimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

- Tá roinnt sonraí ann a bhaineann le hinscne agus le náisiúntacht, agus is féidir go bpróiseálfar iad ní hamháin chun críocha sainaithint a dhéanamh, ach ar bhonn beartas agus cinntí inmheánacha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Bunús dlí:

- Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos le Rialachán (CEE, Euratom, ECSC) Uimh. 259/68 ón gComhairle arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013.

- Cinneadh C(2013) 9049 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid.

Dáta seolta na hoibríochta próiseála: an dáta ar a ndéantar an t-iarratas.

An fad a choinnítear na sonraí: coinníonn an t-aonad HR.DDG.B1 comhaid na n-iarrthóirí ar éirigh leo go dtí go n-earcaíonn an Coimisiún iad. A luaithe agus a earcaítear iad, scriostar na comhaid roghnúcháin agus cuirtear comhaid phearsanta ina n-ionad. I gcás iarrthóirí ar éirigh leo ach nach n-earcaítear, coinníonn an t-aonad HR.DDG.B1 a gcomhaid roghnúcháin ar feadh cúig bliana tar éis deireadh a theacht leis an bpróiseas roghnúcháin. Coinníonn na hArd-Stiúrthóireachtaí lena mbaineann na comhaid roghnúcháin eile go dtí go bhfuil an sprioc-am le hachomharc a dhéanamh istigh, tar éis liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo a bheith foilsithe.

Is féidir leis na hiarrthóirí comhairle a lorg ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí am ar bith (edps@edps.europa.eu).